



Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna- Babhta 2

Dáta foilsithe: 15 Lúnasa 2025

Tá achoimre ar an **Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna** – Babhta 2 – sa cháipéis seo, lena n-áirítear

- a) Cuspóirí na scéime;
- b) Paraiméadair na scéime; agus
- c) An chaoi a n-oibreoidh sé.

Contents

1. Réamhaiste	4
2. Réamhrá	4
3. Ról an Choimisiúin	5
3.1 Ról an Choimisiúin	5
3.2 Comhthéacs Reachtúil don Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	5
3.3 Sainmhíniú ar Iriseoireacht ar mhaithe le Leas an Phobail	5
3.4 Cuspóirí na Scéime	6
3.5 Cur Chuige An Choimisiúin i leith Cur Chun Feidhme Scéimeanna Maoinithe	6
4. Scóip Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	7
4.1 Iriseoireacht ar Leas an Phobail	7
4.2 Ábhar	7
4.3 Critéir Incháilithe	7
4.4 Rochtain Phoiblí ar Ábhar Maoinithe	9
4.5 Bearta Coimhdeacha: Díriú ar Ábhair Leasa Phoiblí	9
5. Leasuithe ar an CRS do Bhabhta 2	9
6. Maoiniú	10
6.1 Leithdháileadh Cistí laistigh den Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	10
6.2 Cineálacha Deontas	10
6.3 Oibleagáidí faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair	11
6.4 Babhtaí Maoinithe	11
6.5 Admháil Maoiniú	11
7. Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí	11



7.1 An Próiseas Iarratais	12
7.2 An Próiseas Measúnaithe	12
7.3 Próiseas na Dámhachtana	12
8. Athbhreithniú ar an Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna	13



1. Réamhaiste

Tá Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”), coimisiún na hÉireann chun craoltóirí, na meáin ar líne a rialáil agus chun tacú le forbairt na meán, tiomanta do thórdhreach meán atá rathúil, éagsúil agus cruthaitheach a chinntiú. De bhreis ar a fheidhm Forbartha Meán, forbraíonn agus oibríonn an Coimisiún scéimeanna maoinithe chun tacú le cruthú ábhar iriseoireachta a léiríonn agus a mhúnláíonn sochaí na hÉireann, agus a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le hearnáil na meán agus a hionraic a neartú.

I dtuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (FOMC), aithníodh “an ról ríthábhachtach agus luachmhar atá ag earnáil láidir, neamhspleách na meán i saol sibhialta agus cultúrtha na hÉireann agus san ord daonlathach”.

Is é aidhm fhoriomlán mholtaí an FOMC tacú le raon scéimeanna maoinithe do Sholáthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí ar bhonn céimnithe, lena n-áirítear:

- Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil (“LDRS”);
- Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna (“CRS”);
- Scéim Tuairiscithe Nuachta;
- Tacaíocht don Chlaonlú Digiteach;
- Scéim Rochtana agus Oiliúna agus
- Scéim na Meán Pobail

Sa chomhthéacs seo, agus i ndiaidh bhunú na Scéimeanna Daonlathais Áitiúil agus Tuairiscithe Cúirteanna anuraidh, tá an dara hathrá (Babhta 2) de na Scéimeanna bunaithe.

Leithdháileadh thart ar €10m i mBuiséad 2025 ar Chiste na Meán ar bhonn riaracháin, agus sannadh €6m d’oibriú Babhta 2 de na LDRS agus an CRS.

2. Réamhrá

Is scéim tacaíochta iriseoireachta í an Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna (“an Scéim”) a fheidhmíonn Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”) agus a mhaoinítear tríd an Státchiste.

Is é príomhchuspóir na Scéime seo a chinntiú gur féidir leis na meáin áitiúla a ról ríthábhachtach a chomhlíonadh maidir le tuairisciú a sholáthar ar chúirteanna áitiúla agus réigiúnacha, trí thacú le clúdach cuimsitheach tuairiscithe cúirteanna agus athléimneacht earnáil na meán nuachta a chothú. Sa chomhthéacs seo, tá sé mar aidhm aige tacú le cruthú iriseoireachta leasa poiblí ardchaighdeán inrochtana, i dteanga oifigiúil na hÉireann, ag iriseoirí oile.

Neartóidh sé seo an iolrachas, feabhsóidh sé rochtain na saoránach ar fhaisnéis iontaofa ardchaighdeán maidir le cúrsaí cúirte agus cuirfidh sé saoránaigh ar an eolas faoi oibriú an chórais bhreithiúnaigh.

Is é seo an dara leagan den Scéim.

Leagtar amach sa cháipéis seo príomhghnéithe na Scéime i dtéarmaí ról An Choimisiúin, na gcuspoirí, an raon feidhme, an maoiniú atá ar fáil, agus na bpróiseas oibríochtúil. Foilseoidh an Coimisiún doiciméid tacaíochta d’iarratasóirí ionchasacha maidir leis na babhtaí maoinithe agus aon bhearta forbartha gaolmhara le linn shaolré na Scéime.



3. Ról an Choimisiúin

3.1 Ról an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as bainistiú na Scéime, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus eisíocaíocht na gcistí. Tá an leibhéal maoinithe cinntithe ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt agus clúdaíonn an leithdháileadh riarachán na Scéime agus deontais mhaoinithe araon.

Cuirfear an scéim i bhfeidhm de réir na Rialacha um Chúnamh Stáit agus mar atá leagtha amach sa Chinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 20 Nollaig 2012, ní leithdháilfear an maoiniú ach ar thionscadail a sholáthróidh ábhar seirbhíse poiblí a thacóidh le hiriseoireacht leasa phoiblí d'éagsúlacht lucht féachana agus éisteachta na hÉireann, lena n-áirítear i nGaeilge, agus ar an gcaoi sin a chomhlíonfaidh oibleagáidí seirbhíse poiblí na scéime.

3.2 Comhthéacs Reachtúil don Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

Le hAlt 7(5)(b) de na hAchtanna um Chraolachán agus Rialáil Eile na Meán 2009 & 2022, tugtar de chumhacht don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt socruithe a dhéanamh leis an gCoimisiún chun scéimeanna a chur ar bun chun 'soláthar nuachta agus tráchtairíochta ar chúrsaí reatha atá ar ardchaighdeán, éagsúil agus nuálach a spreagadh'.

Sa chomhthéacs seo, tá an dara hathdhéanamh den scéim curtha faoi bhráid an Aire chun cistí a dheonú chun tacú le gach ceann nó aon cheann de na **hiriseoireachta leasa phoiblíbreiseseo** a leanas:

- a) Clúdach cuimsitheach ar imeachtaí cúirte áitiúla
- b) Clúdach cuimsitheach ar imeachtaí cúirte réigiúnacha
- c) Tuairisciú ar shaincheisteanna a eascraíonn as imeachtaí cúirte áitiúla agus réigiúnacha

Níl sé i gceist ar dtús gur chóir don Scéim tuairisciú imeachtaí na gcúirteanna níos airde a mhaoiniú (i.e. an Ard-Chúirt /an Phríomh-Chúirt Choiriúil, an Chúirt Choiriúil Speisialta, an Chúirt Achomhairc agus an Chúirt Uachtarach, mar gheall ar an líon ard clúdaigh atá ar na cúirteanna níos airde seo faoi láthair).

Bhí €6 milliún ann chun leanúint le dhá scéim maoinithe iriseoireachta, eadhon an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus an Scéim Tuairiscithe Cúirteanna. Ní mór don Choimisiún a chinntiú nach lú ná 30% den mhaoiniú iomlán a leithdháileadh ar an Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna.

3.3 Sainmhíniú ar Iriseoireacht ar mhaithe le Leas an Phobail

Is é sainmhíniú Iriseoireachta Leasa Phoiblí chun críocha na Scéime seo, mar a leagtar amach i dTuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (FOMC), "iriseoireacht a bhfuil sé mar phríomhchuspóir aici saincheisteanna a bhfuil tábhacht phoiblí leo a thaifeadadh, a imscrúdú agus a mhíniú d'fhonn saoránaigh a spreagadh i ndíospóireacht phoiblí agus eolas a chur ar fáil do chinnteoireacht dhaonlathach ag gach leibhéal den rialtas".



3.4 Cuspóirí na Scéime

Is iad seo a leanas cuspóirí na Scéime:

- **Ceartas agus Riail an Dlí:** feasacht an phobail ar riail an dlí agus ar riaradh an cheartais a chur chun cinn agus iriseoireacht leasa phoiblí a chruthú a chuireann an pobal ar an eolas agus a chuireann le daonlathas feidhmiúil;
- **Cáilíocht:** tacú le hiriseoireacht neamhspleách ardchaighdeán ar leas an phobail maidir le tuairisciú cúirteanna áitiúla agus réigiúnach atá cruinn agus cothrom;
- **Ilghnéitheacht:** tacú le cruthú iriseoireachta ar leasa an phobail ó fhoinsí éagsúla agus an méid sin a mhéadú;
- **An Gaeilge:** tacú leis an iriseoireacht seo i nGaeilge, laistigh agus lasmuigh de cheantair Ghaeltachta araon;
- **Breisiúlacht:** méadú ar infhaighteacht iriseoireachta poiblí cruinn agus cothrom do shaoránaigh, a eascraíonn as imeachtaí cúirte áitiúla agus réigiúnacha;
- **Na Meán Áitiúla:** earnáil láidir meán áitiúil a chothú agus a spreagadh agus tacú le comhoibriú i measc soláthraithe seirbhísí meán agus ar fud ardáin (m.sh. stáisiún raidió áitiúil agus nuachtán);
- **Inscne, Comhionannas, Cuimsiú agus Éagsúlacht:** iriseoireacht ar mhaithe le leas an phobail a fhorbairt atá éagsúil, inrochtana, cuimsitheach agus ionadaíoch go cuí ar Éirinn chomhaimseartha;
- **Inbhuanaitheacht Comhshaoil:** tacú le dea-chleachtas i réimse na hinbhuanaitheachta agus é a spreagadh.

3.5 Cur Chuige An Choimisiúin i leith Cur Chun Feidhme Scéimeanna Maoinithe

Tá bunluachanna ann atá mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige an Choimisiúin maidir le scéim a oibriú. Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún:

- Cothrom – inár bpróisis, ár nósanna imeachta agus ár gcinntí
- Neamhspleách – ag feidhmiú go neamhchlaonta
- Saineolach – trí eolas a chur orainn féin trí rannpháirtíocht, taighde agus tiomantas do fhoghlaim ghairmiúil
- Cuntasach – inár gcinntí, inár rialachas agus inár n-acmhainní.



4. Scóip Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

4.1 Iriseoireacht ar Leas an Phobail

Is é príomhaidhm Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna maoiniú a dhéanamh ar thuairiscí cuimsitheacha, gairmiúla agus inrochtana ag an bpobal ar imeachtaí cúirte. Dá lú cásanna a thuairiscítear, is ea is lúfeasacht atá ag an bpobal ar riail an dlí agus is ea is lú eolas atá acu maidir le cibé an bhfuil an ceartas á riaradh ar an mbealach ba chóir.

Tacóidh Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna le tuairisciú cúirteanna ó chúirteanna dúiche agus ciorcaid ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de, a chomhlíonann na ceanglais i dtéarmaí caighdeán, tiomantas d'iriseoireacht leasa phoiblí, infhaighteacht - thar aon rud eile do shaoránaigh - agus athúsáid. (féach ar Alt 4.3 Critéir Incháilithe).

4.2 Ábhar

Cuireann an Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun iriseoireacht bhreise ardchaighdeán a chruthú a bhaineann le leas an phobail ar na nithe seo a leanas a bhaineann le cúrsaí poiblí áitiúla:

- a) Clúdach Clúdach cuimsitheach ar imeachtaí cúirte áitiúla;
agus/nó
- b) Clúdach cuimsitheach ar imeachtaí cúirte réigiúnacha
- c) Tuairisciú ar shaincheistean a eascraíonn as imeachtaí cúirte áitiúla agus réigiúnacha

4.3 Critéir Incháilithe

Féadfaidh soláthraithe seirbhísí meán nuachta agus cúrsaí reatha nó iriseoir neamhspleách i gcomhpháirtíocht le soláthraí seirbhísí meán den sórt sin iarratais a chur isteach chuig an Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna.

Leagtar síos leis na critéir incháilitheachta na híosaighdeán nach mór a bhaint amach chun a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú.

- a) Caighdeán ardchaighdeán

Ní mhaoineoidh an Coimisiún ach cruthú iriseoireachta leasa phoiblí a léiríonn saineolas eagarthóireachta, acmhainn agus taifead eagarthóireachta cuí. Is réamhriachtanas é ballraíocht i gComhairle Preasa na hÉireann (ardáin nuachta clóite agus ar líne) nó cloí le caighdeán agus Cóid Chleachtais ábhartha an Choimisiúin (seirbhísí craolacháin) nó le comhlacht rialála ábhartha eile de chuid an AE maidir le soláthraithe seirbhísí meán.

- b) Tiomantas iriseoireachta leasa phoiblí áitiúil

Beidh an Coimisiún ag súil go léireoidh iarratasóir taifead cuntasafóchta, nó plean chun tiomantas leanúnach a bheith aige/aici don iriseoireacht áitiúil leasa phoiblí agus go léireoidh sé/sí bealach chun an iriseoireacht sin a dháileadh ar an lucht féachana/na lucht féachana beartaithe.



Sa chomhthéacs seo, is é príomhfhócas na Scéime Tuairiscithe na gCúirteanna clúdach cuimsitheach a sholáthar ar imeachtaí na gcúirteanna áitiúil agus réigiúnach. Déanfar maoiniú a leithdháileadh ar bhonn geografach, do gach ceantar na Cúirte Dúiche agus na Cúirte Ciorclach sa Stát.

Déanfar machnamh cuí ar chruthú agus dáileadh iriseoireachta ar leasa an phobail i nGaeilge. Áireofar leis seo aird ar an gcaoi a rachaidh an iriseoireacht leasa phoiblí atá beartaithe sa Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta ábhartha chun tairbhe phobal na Gaeilge sa limistéar sin.

c) Ar fáil saor in aisce do phobal na hÉireann

Ní mór an t-ábhar go léir atá maoinithe a chur ar fáil saor in aisce do mheánchórais eile agus do phobal na hÉireann tráth nach déanaí ná seacht lá tar éis don deontasóir aon ábhar atá maoinithe a fhoilsiú, nó níos luaithe más mian leis an deontasóir é, agus é a uaslódáil chuig tairseach lárnach, a oibrítear thar ceann an Choimisiúin.

Cuirfidh an Coimisiún treoir agus tacaíochtaí eile ar fáil d'úsáideoirí, lena n-áirítear na caighdeáin agus na ceanglais maidir le hábhar a chur isteach, chuig an mol lárnach.

I gcásanna ina ngearrann deontaí muirir ar rochtain ar ábhar ar a sheirbhís, amhail táille nó muirear síntiúis, ní mór don deontaí a chinntiú go bhfuil ábhar arna mhaoiniú ag an Scéim ar fáil go comhuaineach ar sheirbhís den sórt sin saor in aisce.

d) Ar fáil gan bhac le haghaidh Athúsáide agus / nó Dáileadh

Ceadófar do dheontóir úinéireacht agus cóipcheart a shealbhú ar ábhar maoinithe a tháirgtear mar chuid den Scéim ar feadh tréimhse seacht lá amháin, agus ina dhiaidh sin ní mór an t-ábhar a uaslódáil chuig an mol lárnach. Beidh daoine eile saor ansin an t-ábhar maoinithe a roinnt nó a úsáid ar an mol faoi réir rialacha leithdháilte.

Áirítear orthu sin ceanglais sannta amhail:

- ainm agus lógó fhaighteoir an deontais
- ainm na n-údar/na rannpháirtithe ar an ábhar seirbhíse poiblí
- nasc inrochtana (má fhoilsíodh nó má cuireadh ar fáil ar líne) chuig an alt bunaidh; agus
- aon ábhar eile a mheasann Coimisiún na Meán a bheith cuí.

e) Rochtain

Beidh an t-ábhar a mhaoinítear faoin scéim mhaoinithe seo ar fáil go poiblí agus inrochtana ag gach duine.

Áireofar sa treoir dhoiciméadacht le haghaidh babhta cistiúcháin sonraí faoi na hoibleagáidí maidir le hinrochtaineacht ábhair chistithe ar fud na n-ardán uile.

f) Eisiaimh

Ní bheidh maoiniú ar fáil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:



- Gníomhaíochtaí nach mbaineann go díreach le cruthú ábhar iriseoireachta breise a bhfuil spéis phoiblí ag baint leis
- Gníomhaíochtaí nuachta reatha/BAU
- Ceannach trealamh nó áitribh (maoiniú caipitiúil)
- Dímhéas.

4.4 Rochtain Phoiblí ar Ábhar Maoinithe

Tá rochtain phoiblí ar iriseoireacht ar mhaithe le leas an phobail a mhaoiniú faoin scéim mar chuid de na príomhchuspóirí agus san fhadtarma, beidh gach iriseoireacht ar mhaithe le leas an phobail a mhaoiniú ar fáil agus curtha i gcartlann, agus beidh rochtain ag cách uirthi ar thairseach lárnach a oibrítear thar ceann an Choimisiúin.

4.5 Bearta Coimhdeacha: Díriú ar Ábhair Leasa Phoiblí

Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag cur i bhfeidhm cibé bearta coimhdeacha a mheasann sé is iomchuí chun tacú le cuspóirí na Scéime seo a bhaint amach. Áirítear leis seo bearta chun cabhrú le soláthraithe seirbhísí meán píosaí nó sraitheanna fócais dhomhain a dhéanamh ar raon leathan saincheisteanna a eascraíonn as clúdach cúirte, nó nithe gaolmhara. Is fearr ábhar tras-ardáin i bhfoirm fhada.

Tá idir 5% agus 10% den mhaoiniú bliantúil do na Scéimeanna á leithdháileadh ar thionscadail nó ar shaothair théamacha den sórt sin agus tá sé iniomaíochta ar bhonn náisiúnta.

5. Leasuithe ar an CRS do Bhabhta 2

Rinneadh roinnt leasuithe ar an CRS atá ionchorpraithe do Bhabhta 2 den Scéim agus atá leagtha amach thíos. Rinneadh leasuithe eile ar chéimeanna oibríochta agus conartha na scéime agus cuirfear iad seo in iúl d'iarratasóirí le linn na gcéimeanna sin.

a) Leithdháileadh maoinithe:

Tá ar a laghad 30% den €6m a leithdháileadh don dara babhta de na dhá scéim iriseoireachta atá ann cheana féin, eadhon an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus an Scéim Tuairiscithe Cúirteanna, le cur ar fáil do na CRS. Bhí uasteorainn €2m ar seo riamh.

b) Grianghrafadóireacht:

Beidh an rogha ag iarratasóirí ar Scéimeanna Bearta Coimhdeacha iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú le haghaidh grianghrafadóireachta, mar bhealach chun feabhas a chur ar thionscadail fhada den sórt sin atá dírithe ar ábhar, ar choinníoll go gcuirfear na híomhánna, mar aon leis an ábhar scríofa, ar fáil, saor in aisce agus gan srianta do pháirtithe eile ar mian leo an tuarascáil ábhartha a athúsáid.

c) Aistriúchán ar ábhar maoinithe:

Cuirfear aistriúchán Gaeilge ar ábhar maoinithe ar fáil, ar iarratas, d'eintitis rialáilte. Is é An Coimisiún a mhaoiníodh agus a sholáthróidh an t-aistriúchán.



6. Maoiniú

Sonraítear sa rannán seo an cur chuige maidir le dámhachtainí maoinithe faoin scéim. Leagtar béim ann freisin ar oibleagáidí an Choimisiúin faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair agus ar an oibleagáid atá ar dheontaithe aitheantas a thabhairt d'fhoinsé an chistithe.

6.1 Leithdháileadh Cistí laistigh den Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

Bronnfar cistí ar bhonn an limistéar na gcúirteanna réigiúnacha nó áitiúla ar leith ar bronnadh an conradh ina leith agus ar bhonn iniomaíochta, ar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus atá ailínithe le haidhmeanna agus cuspóirí na Scéime.

I ndáil leis seo, déanfaidh an Coimisiún iarracht deontas amháin ar a laghad a leithdháileadh in aghaidh an cheantair faoi réir na gcaighdeán riachtanach a bhaint amach, agus aon mhéid deontais á chinneadh, tabharfar aird ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear daonra, líon na gceantar, iliomad foinsí iriseoireachta leasa poiblí agus mar sin de. Beidh aird ag an iolrachas foinsí ar an leibhéal foriomlán maoinithe a bhronntar ar aon soláthraí seirbhíse meán amháin. Sa chomhthéacs seo, féadfaidh an Coimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chun an leibhéal foriomlán maoinithe a bhronntar ar aon soláthraí seirbhíse meán amháin a bhfuil roinnt asraonta meán aige a theorannú, lena n-áirítear ar fud na n-ardán uile.

Tabharfar aird chuí freisin ar thograí cruthaitheacha agus nuálacha faoi bhratach leathan na tuairiscithe ar na gcúirteanna.

Spreagtar comhoibriú idir soláthraithe seirbhíse meán agus tabharfar aird chuí air.

6.2 Cineálacha Deontas

Beidh an tsolúbthacht ag an gCoimisiún chun an cur chuige is oiriúnaí maidir le maoiniú a leithdháileadh ar iarratasóirí deontais a chinneadh, ar bhonn cás ar chás i réimse ar leith, agus tá an lánrogha aige maoiniú a dhámhachtain, de réir mar is cuí leis, ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

- maoiniú do sholáthraí seirbhíse meán chun go mbeidh sé in ann iriseoir neamhspleách a fhostú chun ábhar seirbhíse poiblí breise a sheachadadh;
- maoiniú do sholáthraí seirbhísí meán chun go bhféadfaidh fostaí páirtaimseartha a bheith fostaíthe go lánaimseartha chun ábhar seirbhíse poiblí breise a sheachadadh;
- maoiniú do sholáthraí seirbhíse meán chun fostaí nua a fhostú ar chonradh téarma seasta chun ábhar seirbhíse poiblí breise a sheachadadh; agus
- ina theannta sin, is féidir le daoine atá ag obair mar iriseoirí neamhspleácha iarratas a dhéanamh go díreach ar mhaoiniú chun ábhar seirbhíse poiblí a sheachadadh.

Bheadh comhpháirtíocht le heagraíocht meán amháin nó níos mó atá rialáilte go cuí ag teastáil le haghaidh iarratas den sórt sin, a dhéanfaidh ráthaíocht go bhfoilseofaí saothar arna tháirgeadh ag an saorálaí.

Ceanglaítear leis an scéim nach rachaidh aon chonradh fostaíochta a dhéantar idir eagraíocht meán agus iriseoir de bhun na scéime thar thréimhse 12 mhí.



Go ginearálta, leithdháilfidh an Coimisiún deontais faoin Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna a léiríonn 100% de chostais incháilithe na hiriseoireachta atá beartaithe agus na costais eagarthóireachta agus forchostais ghaolmhara go díreacha. Foilseofar treoirínte don bhabhta maoinithe agus beidh faisnéis mhionsonraithe iontu faoi leibhéil na ndeontas agus teimpléid buiséid ina leagfar amach na costais cheadaithe faoin scéim, lena n-áireofar aird ar rátaí cothroma margaidh d'iriseoirí.

6.3 Oibleagáidí faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair

Ní mór don Choimisiún an scéim cistiúcháin a oibriú i gcomhréir le ceanglais Rialacha an Aontais maidir le Státchabhair agus tá Cinneadh SGEI (2012/21/AE) á chur i bhfeidhm aige. Áirítear leis na ceanglais chomhlíonta trédhearcacht iomlán amhail dámhachtainí maoinithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán agus an Scéim a chur san áireamh i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach dhá bhliain. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh ar an tuarascáil seo agus déanfaidh an Roinn comhordú ar fhaisnéis a fhaightear ar ais ón gCoimisiún ina leith sin.

De bhreis ar Airteagal 8 den Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní mór don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá a choinneáil maidir le dámhachtain chistiúcháin le haghaidh na tréimhse cistiúcháin agus ina dhiaidh sin, ar feadh 10 mbliana ina dhiaidh sin chun a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar dheontas nó ar dheontais chun comhoiriúnacht leis an gcinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chinneadh.

6.4 Babhtaí Maoinithe

Leithdháilfidh an Coimisiún maoiniú trí chóras babhtaí maoinithe inchoimhlínthe a úsáid. Braithfidh líon na mbabhtaí maoinithe ar réimse fachtóirí, lena n-áirítear infhaighteacht maoinithe agus féidearthachtaí maidir leis an Scéim amach anseo.

6.5 Admháil Maoiniú

Ceanglaítear ar iarratasóirí a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún, de réir conartha, aitheantas foirmiúil a thabhairt don tacaíocht sin i bhformáid atá inghlactha ag an gCoimisiún. Forchoimeádan An Coimisiún an ceart treoirínte a eisiúint d'iarratasóirí ina sonraítear ceanglais bheachta ina leith sin.

7. Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí

Leagtar amach sa rannán seo an cur chuige maidir leis an bpróiseas iarratais agus measúnaithe don scéim agus saináithnítear ann na príomhphrionsabail a chuireann bonn eolais faoi na próisis sin.

Is é príomhchúram an Choimisiúin go bhfuil na próisis iarratais, mheasúnaithe agus dhámhachtana trédhearcach, cothrom agus infhíoraithe. Tá prionsabail leathana comhaontaithe agus feidhmithe ag an gCoimisiún maidir leis na próisis seo ar fud scéimeanna maoinithe mar atá leagtha amach thíos.

Cuirfidh an Coimisiún faisnéis maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta chun iarratais a dhéanamh, an próiseas measúnaithe, conraitheoireacht agus eisíocaíochtaí ar fáil go poiblí.



7.1 An Próiseas Iarratais

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis faoi scéimeanna maoinithe agus áireofar inti: sonraí maidir le conas aighneachtaí a dhéanamh, faisnéis incháilitheachta, frámaí ama iarratais, sonraí faoi chritéir mheasúnaithe agus faisnéis fhorlíontach eile de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.

7.2 An Próiseas Measúnaithe

Tá na ceithre chéim seo a leanas sa phróiseas measúnaithe don Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna:

7.2.1 Réamh-mheasúnú

Cinntíonn an réamh-mheastóireacht go bhfuil iarratasóir incháilithe le haghaidh maoinithe faoin scéim. Is é an fócas anseo ná a chinntiú go bhfuil na critéir íosta comhlíonta ag iarratasóirí agus go bhfuil na doiciméid riachtanacha go léir curtha isteach acu. Dícháileofar aon iarratais nach dtéann tríd an gcéim mheasúnaithe réamhchéime agus ní bheidh siad faoi réir tuilleadh breithnithe.

7.2.2 Measúnú Cáilíochtúil

Déantar measúnú ar gach iarratas ar a fhiúntas féin i gcomhthéacs na gcritéir measúnaithe a leagfar amach i ndoiciméid threorach an Choimisiúin a fhoilseofar chun eolas agus tacaíocht a thabhairt d'iarratasóirí ionchasacha agus aighneacht a déanamh acu chuig an Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil.

7.2.3 Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratais cháilitheacha ná cistí ar fáil, beidh an dara céim mheastóireachta ag An gCoimisiún. Díreoidh sé seo ar chothromaíocht a bhaint amach i bpacáiste foriomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Déanfar na moltaí ón gcéim cháilíochtúil a mheas anseo freisin. Cuirtear na moltaí deiridh faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena ndaingniú.

7.2.4 Daingniú an Choimisinéara

Ag an gcéim dheiridh, daingníonn Coimisiún na Meán an pacáiste foriomlán iarratas atá molta le haghaidh maoinithe maidir le cuspóirí an bhabhta maoinithe a chomhlíonadh.

7.3 Próiseas na Dámhachtana

Sa chás go bhfuil iarratas ar mhaoiniú ceadaithe ag an gCoimisiún, tá feidhm ag na céimeanna seo a leanas:

- i. Cuireann an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus leagann sé amach aon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis an tairiscint.
- ii. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
- iii. Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leo a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint ar mhaoiniú agus le haon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis sin ón gCoimisiún.
- iv. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis an gCoimisiún, ar théarmaí atá le sonrú ag an gCoimisiún. Áirítear ar théarmaí den sórt sin sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag an iarratasóir. Riarann an Coimisiún cistí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh.

I gcás inar dhiúltaigh An Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra d'iarratasóirí ina n-aonar agus tugtar aiseolas dóibh maidir le feidhmíocht a n-iarratais sa phróiseas measúnaithe.

Forbróidh an Coimisiún córas pointí caighdeánaithe chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar iarratais, agus faoin aiseolas a thugtar d'iarratasóir.



8. Athbhreithniú ar an Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna

Críochnófar athbhreithniú iomlán agus cuimsitheach ar Bhabhta 1 den Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna tar éis 12 mhí ó oibriú iomlán na scéime, tar éis conarthaí a dhámhachtain. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht agus tionchar na Scéime agus cuirfidh sé tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid an Aire.

Cuirfidh an mheastóireacht seo ar an gcéim phíolótach, lena n-áirítear cibé eilimintí de Bhabhta 2 is ábhartha agus is féidir a mheas laistigh den tréimhse ama, eolas ar fáil maidir le forbairt beartais maidir le hathruithe amach anseo ar an Scéim.

